**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 28 Meitheamh 2022 – Compass Tex v EUIPO (Trusted Handwork)**

**(Cás T-704/21)** [1]

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar fhocalmharc de chuid Aontais Eorpaigh Trusted Handwork – Dearbhfhoras le diúltú – Easpa leithleachais – Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Gníomhaíocht atá go follasach gan bhunús sa dlí)***

(2022/C 318/50)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Compass Tex Ltd (Tsuen Wan, Hong Kong, an tSín) (ionadaí: M. Gail, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: T. Klee agus D. Hanf, Gníomhairí)

**Maidir le:**

Caingean arna tabhairt i gcoinne chinneadh an chúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 31 Lúnasa 2021 (Cás R 0034/2021-5), maidir le hiarratas ar chlárú i ndáil leis an bhfocalmharc Trusted Handwork mar thrádmharc de chuid Aontais Eorpaigh.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Tex Ltd na costais a íoc.

---

(1) IO C 2 an 3.1.2022.

---

**Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 27 Meitheamh 2022 – Usmanov v an Chomhairle**

**(Cás T-237/22 R)**

***(Faoiseamh eatramhach – An Comhbheartas Eachtrach agus Slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh i ndáil le gníomhaíochtaí na Rúise lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin – Reo na gcistí – Iarratais ar bhearta eatramhacha – Easpa práinne – Comhardaithe leasanna)***

(2022/C 318/51)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Alisher Usmanov (Tashkent, Úisbéiceastáin) (ionadaí: J. Grand d'Esnon, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: A. Vitro agus B. Driessen, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena iarratas atá bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, go bunúsach, go gcuirfí ar fionraí, ar thaobh amháin, oibriú an dá ghníomh lena leasaíodh na critéir maidir le háireamh ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach mar gheall ar a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin agus, ar an taobh eile, oibriú an dá ghníomh lena gcuireadh a ainm leis an liosta sin. Go háirithe, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos agus go príomha, go gcuirfear ar fionraí oibriú Chinneadh (CBES) 2022/337 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 59, lch. 1), a mhéid a bhaineann an gníomh sin leis, oibriú Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/336 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 58, lch. 1), a mhéid a bhaineann an gníomh sin leis, oibriú Chinneadh (CBES) 2022/329 ón gComhairle an

25 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 50, lch. 1), agus oibriú Rialachán (AE) 2022/330 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L51, lch. 1); ar an dara dul síos, de rogha air sin, go gcuirfí ar fionraí oibriú Chinneadh 2022/337 a mhéid a bhaineann an gníomh sin leis, oibriú Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/336 a mhéid a bhaineann an gníomh sin leis, oibriú Airteagal 1(2)(f) agus (g) de Chinneadh 2022/329 agus Airteagal 1(1)(f) agus (g) de Rialachán 2022/330 agus, ar an tríú dul síos, a ordú do Chomhairle an Aontais Eorpaigh EUR 20 000 a íoc dó as na costais a bhí air a thabhú d'fhonn a leasanna a chosaint.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don iarratas ar fhaoiseamh eatramhach.

2) Forchoimeádtar na costais.

---

**Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 4 Iúil 2022 – Lacapelle v an Pharlaimint**

**(Cás T-240/22 R)**

***(Faoiseamh eatramhach – Dlí institiúideach – Feisire Parlaiminte – Eisiamh ó rannpháirtíocht i dtoscaireachtaí breathnadóireachta thoghcháin na Parlaiminte – Iarratas ar oibriú ordaithe a fhionraí – Easpa práinne)***

(2022/C 318/52)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Jean-Lin Lacapelle (Páras, an Fhrainc) (ionadaí: F.-P. Vos, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: N. Görlitz agus T. Lukácsi, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena iarratas atá bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí oibriú Chinneadh D-301937 ó Chomhchathaoirligh an Ghrúpa Tacaíochta Daonlathais agus Comhordaithe Toghcháin an 3 Márta 2022 a fhionraí, lenar eisiadh é ó aon rannpháirtíocht i dtoscaireachtaí breathnadóireachta thoghcháin Pharlaimint na hEorpa go dtí deireadh a shainordaithe mar Fheisire Parlaiminte (2019-2024).

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an t-iarratas ar fhaoiseamh eatramhach a dhíbhe.

2) Forchoimeádtar na costais.

---

**Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 4 Iúil 2022 – Juvin v an Pharlaimint**

**(Cás T-241/22 R)**

***(Faoiseamh eatramhach – Dlí institiúideach – Feisire Parlaiminte – Eisiamh ó rannpháirtíocht i dtoscaireachtaí breathnadóireachta thoghcháin na Parlaiminte – Iarratas ar oibriú ordaithe a fhionraí – Easpa práinne)***

(2022/C 318/53)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Hervé Juvin (Páras, an Fhrainc) (ionadaí: F.-P. Vos, Dlíodóir)